



AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 4.10.2023
C(2023) 6585 final

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 4.10.2023

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 717/2014, (AE) Uimh. 1407/2013, (AE) 1408/2013 agus (AE) 360/2012 a mhéid a bhaineann le cabhair *de minimis* le haghaidh próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, agus Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann le méid iomlán na cabhrach *de minimis* a dheonaítear do ghnóthas aonair, a tréimhse cur i bhfeidhm agus ábhair eile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

{SWD(2023) 320 final}

RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN

an 4.10.2023

lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 717/2014, (AE) Uimh. 1407/2013, (AE) 1408/2013 agus (AE) 360/2012 a mhéid a bhaineann le cabhair *de minimis* le haghaidh próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, agus Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann le méid iomlán na cabhrach *de minimis* a dheonaítear do ghnóthas aonair, a tréimhse cur i bhfeidhm agus ábhair eile

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 108(4) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/1588 ón gComhairle an 13 Iúil 2015 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh maidir le catagóirí áirithe stáitchabhrach cothrománaí¹, agus go háirithe Airteagal 2(1) de,

Tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Stáitchabhair,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) In 2019, sheol an Coimisiún meastóireacht ar fheidhmíocht na n-ionstraimí earnála is infheidhme maidir le stáitchabhair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe ó glacadh iad in 2014-2015, lena n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún², d'fhonn iad a leasú nó ionstraim nua a chur ina n-ionad le haghaidh na tréimhse 2021-2027. Léirigh torthaí na meastóireachta sin go bhfuil Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 fós ina uirlis ábhartha, éifeachtúil agus éifeachtach³ le haghaidh cabhair *de minimis* in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.
- (2) I gcomhthéacs na meastóireachta sin agus chun a áirithiú go bhféadfadh na Ballstáit leanúint de mhéideanna beaga cabhrach a dheonú go dtí gur glacadh, ag an am sin,

¹ IO L 248, 24.9.2015, lch. 1.

² Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2014 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le cabhair *de minimis* in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (IO L 190, 28.6.2014, lch. 45).

³ Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin, SWD(2022) 408 final an 14.12.2022, Measúnú Tionchair a ghabhann leis an doiciméad dar teideal *Communication from the Commission - Guidelines for the examination of State aid to the fishery and aquaculture sector* [Teachtairacht ón gCoimisiún - Treoirilínte maidir le scrúdú Stáitchabhrach le haghaidh earnáil an iascaigh agus dobharshaothraithe], Rialachán (AE) .../... ón gCoimisiún an XXX lena ndearbhaítear catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a bheith comhoiriúnach don mhargadh inmheánach mar chuid de chur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2014 maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i ndáil le cabhair *de minimis* in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe.

Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁴, cuireadh síneadh le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 go dtí an 31 Nollaig 2022 le Rialachán (AE) 2020/2008 ón gCoimisiún⁵.

- (3) Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach um Státchabhair, agus i bhfianaise na n-aighneachtaí a fuarthas i gcomhthéacs an chomhairliúcháin phoiblí le páirtithe leasmhara maidir leis an athbhreithniú ar na hionstraimí is infheidhme maidir le Státchabhair in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, le Rialachán (AE) 2022/2514 ón gCoimisiún⁶ cuireadh síneadh le tréimhse cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 go dtí an 31 Nollaig 2023 ionas go mbeadh sé d'acmhainn ag an gCoimisiún a sheasamh maidir leis an ábhar a thabhairt chun críche agus chun a áirithiú go bhféadfadh na Ballstáit leanúint de mhéideanna beaga cabhrach a dheonú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014.
- (4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 faoi láthair maidir le cabhair a dheonaítear do ghnóthais in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, lena n-áirítear gnóthais atá gníomhach i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, ach níl feidhm ag Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún⁷ ach amháin maidir le gnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta. Dá bhrí sin, na gnóthais atá gníomhach i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, tá siad faoi réir na huasteorann aonair céanna a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Na gnóthais atá gníomhach i bpróiseáil agus i margú táirgí talmhaíochta, áfach, tá siad faoi réir na huasteorann aonair níos airde a leagtar síos le Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún⁸.
- (5) An chóireáil dhifreálach a dhéantar ar phróiseáil agus ar mhargú táirgí ar de thionscnamh slabhraí bia éagsúla iad, tá an baol ann gurb é an toradh a bheadh uirthi sin, ar deireadh, go dtarlódh saobhadh in earnáil an bhia. I bhfianaise chineál na ngníomhaíochtaí a bhaineann le próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, agus i bhfianaise na gcosúlachtaí le gníomhaíochtaí próiseála agus margaíochta eile, ba cheart feidhm a bheith ag Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 maidir le gnóthais atá gníomhach i bpróiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, ar choinníoll go gcomhlíontar coinníollacha áirithe. Chun na críche sin, níor cheart a mheas gur próiseáil ná margú atá i ngníomhaíochtaí ar an bhfeirm ná gníomhaíochtaí ar bord a bhfuil gá leo chun ainmhí nó planda a ullmhú don chéad díol, lena n-áirítear gearradh, filléadú nó reo, ná an chéad díol le hathdhíoltóirí nó le próiseálaithe.

⁴ Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

⁵ Rialachán (AE) 2020/2008 ón gCoimisiún an 8 Nollaig 2020 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 702/2014, (AE) Uimh. 717/2014 agus (AE) Uimh. 1388/2014, a mhéid a bhaineann lena dtréimhse cur i bhfeidhm agus coigeartuithe ábhartha eile (IO L 414, 9.12.2020, lch. 15).

⁶ Rialachán (AE) 2022/2514 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a mhéid a bhaineann lena thréimhse cur i bhfeidhm (IO L 326, 21.12.2022, lch. 8).

⁷ Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le cabhair *de minimis* in earnáil na talmhaíochta (IO L 352, 24.12.2013, lch. 9).

⁸ Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le cabhair *de minimis* (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

- (6) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 agus Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 a leasú chun gur féidir le gnóthais atá gníomhach i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe tairbhe a bhaint as cabhair *de minimis* faoi Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013. Chun comhsheasmhacht idir rialacháin *de minimis* a áirithiú, ba cheart an cur chuige céanna a leanúint freisin i Rialachán (AE) Uimh. 360/2012⁹ i dtaca leis an gcaoi a ndéileáiltear le próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe. Ar mhaithe leis an ailíniú sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 a leasú freisin.
- (7) Faoi láthair, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, leagtar amach uasmhéideanna carnacha na cabhrach *de minimis* is féidir a dheonú de réir an Bhallstáit do na gnóthais ar fad thar aon tréimhse 3 bliana fíoscacha, de bhun Airteagal 3(3) den Rialachán sin. Is éard atá sna huasmhéideanna carnacha sin 2.5 % de láimhdeachas bliantúil iascaigh a chuimsíonn gníomhaíochtaí gabhála, próiseála agus dobharshaothraithe. I bhfianaise na leasuithe is gá ar Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, (AE) Uimh. 1407/2013, (AE) Uimh. 1408/2013 agus (AE) Uimh. 360/2012, ba cheart na huasmhéideanna carnacha sin a athbhreithniú chun gníomhaíochtaí próiseála a eisiamh. Ina theannta sin, is gá an láimhdeachas a bhaineann le gníomhaíochtaí gabhála agus dobharshaothraithe a thabhairt cothrom le dáta de réir sonraí earnála atá tagtha i gceist le déanaí. Ba cheart, go háirithe, na huasmhéideanna carnacha a bheith bunaithe ar mheán 3 bliana de láimhdeachas bliantúil na ngníomhaíochtaí gabhála agus dobharshaothraithe i ngach Ballstát, meán a ríomhtar tríd an iontráil is airde agus an iontráil is ísle thar thréimhse 5 bliana, ó 2014 go 2018, a eisiamh. Chun a áirithiú go mbeidh leanúnachas ann maidir le pleanáil agus dáileadh na cabhrach *de minimis* le haghaidh táirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus chun raon feidhme leordhóthanach gníomhaíochta a áirithiú do na Ballstáit uile, measann an Coimisiún nár cheart d'aon Bhallstát níos mó ná 60 % den uasmhéid carnach a leagadh amach roimhe sin san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a chailleadh.
- (8) Nuair a chuirtear san áireamh an gá méadaithe atá ann cabhair *de minimis* a úsáid, is iomchuí an uasteorainn aonair, is é sin an t-uasmhéid cabhrach in aghaidh an ghnóthais aonair a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, a mhéadú. I bhfianaise na n-imthosca in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe, dá mbeadh méadú den sórt sin ann bheadh gá le faireachán níos dlúithe ar an gcabhair a dheonaítear agus ba cheart, dá bhrí sin, a cheangal ar na Ballstáit a roghnaíonn uasteorainn aonair níos airde clár lárnach a úsáid chun taifead a choinneáil ar an gcabhair *de minimis* ar fad a dheonaítear agus chun a fhíorú nach sáraítear an uasteorainn aonair ná an uasteorainn náisiúnta.
- (9) Maidir leis na critéir chun an choibhéis deontais chomhláin le haghaidh iasachtaí agus ráthaíochtaí a ríomh de bhun Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, ba cheart na critéir sin a choigeartú de réir na huasteorann *de minimis* méadaithe.
- (10) Agus staid na gcabhlach iascaireachta sna réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh á cur san áireamh, ba cheart oibríochtaí áirithe nach dtagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a áireamh, ar bhonn

⁹ Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2012 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le cabhair *de minimis* a dheonaítear do ghnóthais a sholáthraíonn seirbhísí ar mhaithe leis an leas eacnamaíoch i gcoitinne (IO L 114, 26.4.2012, lch. 8).

eisceachtúil, i gcás na réigiún is forimeallaí sin amháin. Is cion nach beag de chabhlaigh iascaireachta sna réigiúin is forimeallaí iad soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán, agus is iomchuí tabhairt faoi oibríochtaí a bhfuil sé d'aidhm acu soithí den sórt sin a nuachóiriú chun aghaidh a thabhairt ar ábhair inní sábháilteachta, go háirithe mar gheall ar dhífheidhmeacht na gcabhlach chomh maith le neamhchosaint ard ar theagmhais adhaimsire. Mar gheall ar iargúlacht, ar mhéid beag agus ar chineál ceardaíochta na ngníomhaíochtaí iascaireachta sna réigiúin sin, agus ós rud é go bhfuil cabhair *de minimis* le haghaidh oibríochtaí den sórt sin faoi réir na n-uasteorainneacha *de minimis* agus na n-uasteorainneacha náisiúnta a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, tá an chabhair sin fós faoi bhun leibhéal a d'fhéadfadh difear a dhéanamh don iomaíocht agus don trádáil ar an margadh inmheánach.

- (11) An Comhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach ('an Comhaontú um Tharraingt Siar'), comhaontú a bhfuil an Prótacal maidir le hÉirinn/Tuaisceart Éireann ('an Prótacal') ina chuid dhílis de, is comhaontú é a tháinig i bhfeidhm an 1 Feabhra 2020.
- (12) Le hAirteagal 126 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, déantar foráil maidir le hidirthréimhse dar críoch an 31 Nollaig 2020, an dáta nach bhfuil feidhm ag dlí an Aontais a thuilleadh maidir leis an Ríocht Aontaithe agus Thuaisceart Éireann ina dhiaidh.
- (13) Mar sin féin, le hAirteagal 10 den Phrótacal, foráiltear go bhfuil feidhm ag forálacha áirithe de dhlí an Aontais a liostaítear in Iarscríbhinn 5 a ghabhann leis an bPrótacal sin, agus ar a n-áirítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, maidir leis an Ríocht Aontaithe i leith bearta a dhéanann difear do thrádáil táirgí talmhaíochta idir Thuaisceart Éireann agus an tAontas.
- (14) Chun a áirithiú go gcomhlíonfar forálacha an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar agus an Phrótacail, uasmhéid carnach na Ríochta Aontaithe ina hiomláine faoi mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, is uasmhéid é ar gá gan ach méid comhfhreagrach Thuaisceart Éireann a chur ina ionad.
- (15) Chun cothrom na Féinne a áirithiú, ba cheart an t-uasmhéid carnach maidir le Thuaisceart Éireann a bheith bunaithe ar an modh ríofa céanna a úsáidtear i gcás na mBallstát.
- (16) Chun leanúnachas agus deimhneacht dhlíthiúil a áirithiú agus chun Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 a ailíniú leis an gcreat dlíthiúil is infheidhme in earnáil an iascaigh agus an dogharshaothraithe, go háirithe Rialachán (AE) 2022/2473 ón gCoimisiún¹⁰, is iomchuí síneadh a chur lena thréimhse cur chun feidhme go dtí an 31 Nollaig 2029.
- (17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 717/2014, (AE) Uimh. 1407/2013, (AE) Uimh. 1408/2013 agus (AE) Uimh. 360/2012 a leasú dá réir,

¹⁰ Rialachán (AE) 2022/2473 ón gCoimisiún an 14 Nollaig 2022 lena ndearbhaítear go bhfuil catagóirí áirithe cabhrach do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh, i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus táirgí dogharshaothraithe comhoiriúnach leis an margadh inmheánach i gcur i bhfeidhm Airteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (IO L 327, 21.12.2022, lch. 82).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 717/2014

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 mar a leanas:

(1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

‘Airteagal 1

Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le cabhair a dheonaítear do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

- (a) cabhair a socraítear a méid ar bhonn phraghas nó chainníocht na dtáirgí arna gceannach nó arna gcur ar an margadh;
- (b) cabhair a dheonaítear do ghníomhaíochtaí a bhaineann le honnmhairiú chuig tríú tíortha nó chuig Ballstáit, is é sin cabhair a bhaineann go díreach leis na cainníochtaí a onnmhairítear, le bunú agus le hoibriú líonra dáileacháin, nó le caiteachas reatha eile a bhaineann leis an ngníomhaíocht onnmhairiúcháin;
- (c) cabhair atá ag brath ar úsáid táirgí intíre de rogha ar tháirgí allmhairithe;
- (d) cabhair chun báid iascaireachta a cheannach;
- (e) cabhair chun príomhinnill nó innill chúnta bád iascaireachta a nuachóiriú nó a athsholáthar;
- (f) cabhair d’oibríochtaí lena méadaítear acmhainn iascaireachta báid iascaireachta, nó trealamh lena méadaítear cumas an bháid iascaireachta teacht ar éisc;
- (g) cabhair chun báid nua iascaireachta a thógáil nó báid iascaireachta a allmhairiú;
- (h) cabhair le haghaidh scor buan nó sealadach de ghníomhaíochtaí iascaireachta, cé is moite den chabhair a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagail 20 agus 21 de Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

*Rialachán (AE) 2021/1139 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/1004 (IO L 247, 13.7.2021, lch. 1).

- (i) cabhair d’iascaireacht thaiscéalaíoch;
- (j) cabhair d’aistriú úinéireachta gnóthais;
- (k) cabhair d’athstocáil dhíreach, mura bhfuil foráil déanta dó go sainráite mar bheart caomhnúcháin i ngníomh dlí de chuid an Aontais nó i gcás athstocáil thrialach.

2. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus gníomhach freisin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha nó i gcás ina bhfuil gníomhaíochtaí eile a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún* ar bun aige, beidh feidhm ag an Rialachán sin maidir le cabhair arna deonú i leith na hearnála nó na n-earnálacha nó na ngníomhaíochtaí eile sin, ar choinníoll go n-áiritheoidh an Ballstát lena mbaineann, ar mhodh iomchuí amhail gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* arna deonú i gcomhréir leis an Rialachán sin chun tairbhe do tháirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

*Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm i ndáil le cabhair *de minimis* (IO L 352, 24.12.2013, lch. 1).

3. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe chomh maith le táirgeadh príomhúil táirgí dobharshaothraithe a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún*, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le cabhair a dheonaítear maidir leis an earnáil thuasluaite, ar choinníoll go n-áirithíonn an Ballstát lena mbaineann, ar bhealaí cuí ar nós gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* a dheonaítear de réir an Rialacháin sin chun tairbhe do tháirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta.

*Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2013 maidir le hAirteagal 107 agus Airteagal 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i bhfeidhm maidir le cabhair *de minimis* san earnáil talmhaíochta (IO L 352, 24.12.2013, lch. 9).

4. Chun críocha chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, ní bheidh feidhm ag pointí (d) go (g) de mhír 1 maidir le gnóthais atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh i ndáil le soithí ar lú ná 12 mhéadar a bhfad foriomlán.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (a), (b) agus (c):

‘(a) ciallaíonn ‘táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ táirgí a shainmhínítear in Airteagal 5, pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

(b) ciallaíonn ‘táirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht a bhaineann le hiascaireacht, tógáil nó saothrú na n-orgánach

uisceach, chomh maith le gníomhaíochtaí ar an bhfeirm nó ar bord is gá chun ainmhí nó planda a ullmhú don chéad díol, lena n-áirítear gearradh, filliadú nó reo, agus an chéad díol le hathdhíoltóirí nó le próiseálaithe;

(c) ciallaíonn ‘próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht, lena n-áirítear láimhseáil, cóireáil agus claochlú, a dhéantar tar éis am an tabhairt i dtír – nó am na buainte i gcás an dobharshaothraithe – agus arb é is toradh uirthi táirge próiseáilte, chomh maith le dáileadh an táirge sin.’;

(b) cuirtear an pointe (d) seo a leanas leis:

‘(d) ciallaíonn ‘gnóthais atá lonnaithe sna réigiúin is forimeallaí san Aontas dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh’ gnóthais a bhfuil a bpríomháit chlárúcháin i gceann de na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 349 den Chonradh agus atá gníomhach sa réigiún sin.’;

(3) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Is é EUR 30 000 an uasteorainn ar chabhair *de minimis* a dheonaítear de réir an Bhallstáit do ghnóthas aonair thar thréimhse 3 bliana fioscacha agus ní rachfar thar an méid sin.’;

(b) cuirtear isteach an mhír 2a a leanas:

‘2a. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh Ballstát a chinneadh nach rachaidh méid iomlán na cabhrach *de minimis* a dheonaítear do ghnóthas aonair thar EUR 40 000 thar aon tréimhse de 3 bliana fhioscacha, ar choinníoll go bhfuil clár lárnach náisiúnta i bhfeidhm ag an mBallstát i gcomhréir le hAirteagal 6(2).’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní sháróidh méid carnach na cabhrach *de minimis* a dheonaítear de réir an Bhallstáit do ghnóthas atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe thar aon tréimhse 3 bliana fhioscacha an uasteorainn náisiúnta a leagtar amach san Iarscríbhinn.’;

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 5 go 8:

‘5. Beidh feidhm ag na huasteorainneacha *de minimis* a leagtar síos i mír 2 agus i mír 2a agus ag an gcaidhp náisiúnta a leagtar amach san Iarscríbhinn gan beann ar fhoirm na cabhrach *de minimis* nó ar an gcuspóir atá á shaothrú agus gan beann ar an gcabhair a dheonaíonn an Ballstát a bheith á maoiniú go hiomlán nó go páirteach ag acmhainní de thionscnamh an Aontais. Cinnfear an tréimhse 3 bliana fhioscacha trí thagairt do na blianta fhioscacha a úsáideann an gnóthas sa Bhallstát lena mbaineann.

6. Chun críocha na n-uasteorainneacha *de minimis* a leagtar síos i míreanna 2 agus 2a agus chun críocha na caidhpe náisiúnta a leagtar amach san Iarscríbhinn, is mar dheontas airgid a shloinnfear an chabhair. Is figiúirí comhlána a bheidh sna figiúirí ar fad a úsáidfear, is é sin roimh aon asbhaint chánach nó táille eile. I gcás ina ndeonaítear cabhair i bhfoirm nach deontas í, beidh méid na cabhrach comhionann le coibhéis deontais chomhláin na cabhrach.

An chabhair is iníoctha i dtráthchodanna éagsúla, déanfar í a lascainiú go dtí a luach tráth a deonaíodh í. Is ionann an ráta úis a úsáidfear chun críocha lascainithe agus an ráta lascainithe is infheidhme tráth a deonaíodh an chabhair.

7. I gcás ina sárófaí na huasteorainneacha *de minimis* a leagtar síos i mír 2 agus i mír 2a nó an chaidhp náisiúnta a leagtar síos san Iarscríbhinn trí chabhair nua *de minimis* a dheonú, ní rachaidh an Rialachán seo chun tairbhe don chabhair nua sin.

8. I gcás cumasc agus éadálacha, déanfar an chabhair *de minimis* ar fad a deonaíodh roimhe sin d'aon cheann de na gnóthais atá i mbun cumaisc a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh an sáraíonn aon chabhair nua *de minimis* a dheonaítear don ghnóthas nua nó don ghnóthas atá ag fáil éadála an uasteorainn *de minimis* nó an chaidhp náisiúnta. Leanfaidh cabhair *de minimis* a deonaíodh go dleathach roimh an gcumasc nó an éadail de bheith dleathach i gcónaí.';

(4) Leasaítear Airteagal 4 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3, pointe (b):

‘(b) i gcás bearta atá i gcomhréir le hAirteagal 3(2), go bhfuil an iasacht urraithe le comhthaobhacht a chumhdaíonn 50 % ar a laghad den iasacht agus gur fiú EUR 150 000 thar 5 bliana nó EUR 75 000 thar 10 mbliana an iasacht, nó, i gcás bearta atá i gcomhréir le hAirteagal 3(2a), go bhfuil an iasacht urraithe le comhthaobhacht a chumhdaíonn 50 % ar a laghad den iasacht agus gur fiú EUR 200 000 thar 5 bliana nó EUR 100 000 thar 10 mbliana an iasacht; má tá iasacht níos lú ná na méideanna sin nó má dheonaítear í ar feadh tréimhse níos lú ná 5 bliana nó 10 mbliana faoi seach, déanfar coibhéis deontais chomhláin na hiasachta sin a ríomh mar chion comhfhreagrach de na huasteorainneacha *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 3(2) nó (2a); nó’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 4 agus 5:

‘4. Ní mheasfar gur cabhair thrédhearcach *de minimis* í an chabhair ar instealltaí caipitil í ach amháin mura sáraíonn méid iomlán an insteallta phoiblí an uasteorainn *de minimis* ábhartha.

5. Maidir le cabhair ar bearta um maoiniú riosca i bhfoirm infheistíochtaí cothromais nó cuasachothromais í, ní mheasfar gur cabhair thrédhearcach *de minimis* í ach amháin mura sáraíonn an caipiteal a sholáthraítear do ghnóthas aonair an uasteorainn *de minimis* ábhartha.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 6, pointe (b):

‘(b) i gcás bearta atá i gcomhréir le hAirteagal 3(2), mura sáraíonn an ráthaíocht 80 % den iasacht fholuiteach agus mura sáraíonn an méid a ráthaítear EUR 225 000 agus gur 5 bliana ré na ráthaíochta nó mura sáraíonn an méid a ráthaítear EUR 112 500 agus gur 10 mbliana ré na ráthaíochta, nó, i gcás bearta atá i gcomhréir le hAirteagal 3(2a), mura sáraíonn an ráthaíocht 80 % den iasacht fholuiteach agus mura sáraíonn an méid a ráthaítear EUR 300 000 agus gur 5 bliana ré na ráthaíochta nó mura sáraíonn an méid a ráthaítear EUR 150 000 agus gur 10 mbliana ré na ráthaíochta; má tá méid na ráthaíochta níos lú ná na méideanna sin nó má mhaireann an ráthaíocht ar feadh tréimhse níos lú ná 5 nó 10 mbliana faoi seach, déanfar coibhéis deontais

chomhláin na ráthaíochta sin a ríomh mar chion comhfhreagrach de na huasteorainneacha *de minimis* a leagtar síos in Airteagal 3(2) nó (2a); nó’;

(5) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhíreanna 1 agus 2:

‘1. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus ina bhfuil sé gníomhach freisin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha a thagann faoi raon feidhme Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 nó ina ndéanann sé gníomhaíochtaí eile a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin sin, féadfar an chabhair *de minimis* a dheonaítear do ghníomhaíochtaí i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe i gcomhréir leis an Rialachán seo a charnadh leis an gcabhair *de minimis* a dheonaítear maidir leis an earnáil, na hearnálacha nó na gníomhaíochtaí sin go dtí an uasteorainn a leagtar síos in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013, ar choinníoll go n-áirithíonn an Ballstát lena mbaineann, ar bhealaí cuí ar nós gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 chun tairbhe do tháirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe.

2. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe agus i dtáirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta chomh maith, is féidir an chabhair *de minimis* a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 a charnadh le cabhair *de minimis* i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe i gcomhréir leis an Rialachán seo suas leis an uasteorainn ábhartha a leagtar síos sa Rialachán seo, ar choinníoll go n-áirithíonn an Ballstát lena mbaineann, ar bhealaí cuí ar nós gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* a dheonaítear i gcomhréir leis an Rialachán seo chun tairbhe do tháirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta.’;

(6) Leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát cabhair *de minimis* a dheonú do ghnóthas i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé méid ionchasach na cabhrach arna sloinneadh mar choibhéis deontais chomhláin agus a cineál *de minimis* in iúl don ghnóthas sin, i scríbhinn nó go leictreonach, agus déanfaidh sé tagairt shainráite don Rialachán seo agus luafaidh sé a theideal agus a thagairt foilseacháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina ndéonaítear cabhair *de minimis* i gcomhréir leis an Rialachán seo do ghnóthais éagsúla ar bhonn scéime agus ina ndéonaítear méideanna éagsúla cabhrach aonair do na gnóthais sin faoin scéim sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann rogha a dhéanamh an oibleagáid sin a chomhlíonadh trí shuim sheasta a chomhfhreagraíonn don uasmhéid cabhrach atá le deonú faoin scéim sin a chur in iúl do na gnóthais sin. Úsáidfear an tsuim sheasta chun a chinneadh ar sroicheadh an uasteorainn *de minimis* ábhartha agus ar sáraíodh an chaidhp náisiúnta a leagtar amach san Iarscríbhinn. Sula ndeonófar an chabhair, gheobhaidh an Ballstát dearbhú ón ghnóthas lena mbaineann, i scríbhinn nó go leictreonach, maidir le haon chabhair *de minimis* eile a fuarthas agus a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo nó ag rialacháin *de minimis* eile maidir léi le linn an 2 bhliain fhioscacha roimhe sin agus le linn na bliana fioscaí reatha.’;

(b) i mír 2, cuirtear an dara fomhír a leanas leis:

‘I gcás ina ndéanfaí Ballstát cabhair i gcomhréir le hAirteagal 3(2a), beidh clár lárach de chabhair *de minimis* i bhfeidhm aige ina mbeidh faisnéis iomlán faoin gcabhair *de minimis* ar fad arna deonú ag aon údarás laistigh den Bhallstát sin. Scoirfidh mír 1 d’fheidhm a bheith aici ón tráth a chumhdófar tréimhse 3 bliana fhioscacha leis an gclár.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Ní dheonóidh Ballstát cabhair *de minimis* nua i gcomhréir leis an Rialachán seo ach amháin tar éis dó a sheiceáil nach n-ardóidh sé sin méid iomlán na cabhrach *de minimis* a dheonaítear don ghnóthas lena mbaineann go dtí leibhéal os cionn na n-uasteorainneacha *de minimis* ábhartha a leagtar síos in Airteagal 3(2) agus (2a) agus na caidhpe náisiúnta a leagtar amach san Iarscríbhinn agus go gcomhlíontar na coinníollacha go léir a leagtar síos sa Rialachán seo.’;

(7) in Airteagal 8, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

‘Beidh feidhm aige go dtí an 31 Nollaig 2029.’;

(8) cuirtear an téacs san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo in ionad na hIarscríbhinne.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1407/2013 mar a leanas:

(1) Leasaítear Airteagal 1 mar a leanas:

(a) leasaítear mír 1 mar a leanas

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) cabhair a dheonaítear do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;’;

(ii) cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

‘(aa) cabhair a dheonaítear do ghnóthais atá gníomhach san earnáil phróiseáil agus mhargú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, i gcás ina socraítear méid na cabhrach ar bhonn phraghas nó chainníocht na dtáirgí a cheannaítear nó a chuirtear ar an margadh;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i gceann de na hearnálacha dá dtagraítear i mír 1, pointí (a), (aa), (b) nó (c), agus ina bhfuil sé gníomhach freisin i gceann amháin nó níos mó de na hearnálacha nó ina bhfuil gníomhaíochtaí eile aige a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo, beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le cabhair a dheonaítear i dtaca leis na hearnálacha nó gníomhaíochtaí áirithe sin, ar choinníoll go n-áirithíonn an Ballstát lena mbaineann, ar bhealaí cuí amhail gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* a dheonaítear de réir an Rialacháin sin chun tairbhe do na gníomhaíochtaí sna hearnálacha atá eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo.’;

(2) Leasaítear Airteagal 2(1) mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) ciallaíonn ‘táirgí talmhaíochta’ táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).’;

(b) cuirtear na pointí (d), (e) agus (f) seo a leanas leis:

‘(d) ciallaíonn ‘táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ táirgí a shainmhínítear in Airteagal 5, pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013;

(e) ciallaíonn ‘táirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht a bhaineann le hiascaireacht, tógáil nó saothrú na n-orgánach uisceach, chomh maith le gníomhaíochtaí ar an bhfeirm nó ar bord is gá chun ainmhí nó planda a ullmhú don chéad díol, lena n-áirítear gearradh, filléadú nó reo, agus an chéad díol le hathdhíoltóirí nó le próiseálaithe;

(f) ciallaíonn ‘próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht, lena n-áirítear láimhseáil, cóireáil agus claochlú, a dhéantar tar éis am an tabhairt i dtír – nó am na buainte i gcás an dobharshaothraithe – agus arb é is toradh uirthi táirge próiseáilte, chomh maith le dáileadh an táirge sin.’.

Airteagal 3

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1408/2013 mar a leanas:

(1) In Airteagal 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta agus gníomhach freisin i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, beidh feidhm ag forálacha Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún* maidir leis an gcabhair arna deonú i leith na hearnála eile sin, ar choinníoll go n-áiríteoidh an Ballstát lena mbaineann, ar mhodh iomchuí amhail gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann cabhair *de minimis* arna deonú i gcomhréir leis an Rialachán sin chun tairbhe do tháirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta.

* Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 ón gCoimisiún an 27 Meitheamh 2014 maidir le hAirteagail 107 agus 108 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a chur i

bhfeidhm i dtaobh cabhair *de minimis* in earnáil an iascaigh agus an dobharshaothraithe (IO L 190, 28.6.2014, lch. 45).’;

(2) In Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn ‘táirgí talmhaíochta’ táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, cé is moite de na táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe a chumhdaítear le Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

(b) ciallaíonn ‘táirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht a bhaineann le hiascaireacht, tógáil nó saothrú na n-orgánach uisceach, chomh maith le gníomhaíochtaí ar an bhfeirm nó ar bord is gá chun ainmhí nó planda a ullmhú don chéad díol, lena n-áirítear gearradh, filléadú nó reo, agus an chéad díol le hathdhíoltóirí nó le próiseálaithe;

(3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. I gcás ina bhfuil gnóthas gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta agus i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe araon, féadfar an chabhair *de minimis* a dheonaítear maidir le gníomhaíochtaí in earnáil na táirgeachta talmhaíochta i gcomhréir leis an Rialachán seo a chnádadh le cabhair *de minimis* le haghaidh gníomhaíochtaí san earnáil sin a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 go dtí an uasteorainn ábhartha a leagtar síos sa Rialachán sin, ar choinníoll go n-áiríonn an Ballstát lena mbaineann, ar bhealaí cuí ar nós gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* a dheonaítear i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 717/2014 chun tairbhe do tháirgeadh príomhúil táirgí talmhaíochta.’;

(4) in Airteagal 6, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag Ballstát cabhair *de minimis* a dheonú do ghnóthas i gcomhréir leis an Rialachán seo, cuirfidh sé méid ionchasach na cabhrach arna sloinneadh mar choibhéis deontais chomhláin agus a cineál *de minimis* in iúl don ghnóthas sin, i scríbhinn nó go leictreonach, agus déanfaidh sé tagairt shainráite don Rialachán seo agus luafaidh sé a theideal agus a thagairt foilseacháin in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcás ina ndéonaítear cabhair *de minimis* i gcomhréir leis an Rialachán seo do ghnóthais éagsúla ar bhonn scéime agus ina ndéonaítear méideanna éagsúla cabhrach aonair do na gnóthais sin faoin scéim sin, féadfaidh an Ballstát lena mbaineann rogha a dhéanamh an oibleagáid sin a chomhlíonadh trí shuim sheasta a chomhfhreagraíonn don uasmhéid cabhrach atá le deonú faoin scéim sin a chur in iúl do na gnóthais sin. I gcás mar sin, úsáidfear an tsuim sheasta chun a chinneadh an sroichfear an uasteorainn *de minimis* ábhartha agus an sárófar na caidhpeanna náisiúnta agus earnála ábhartha. Sula ndeonófar an chabhair, gheobhaidh an Ballstát dearbhú ón ghnóthas lena mbaineann, i scríbhinn nó go

leictreonach, maidir le haon chabhair *de minimis* eile a fuarthas agus a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo nó ag rialacháin *de minimis* eile maidir léi le linn an 2 bhliain fhioscacha roimhe sin agus le linn na bliana fiosaí reatha.’.

Airteagal 4

Leasuithe ar Rialachán (AE) Uimh. 360/2012

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 360/2012 mar a leanas:

- (1) Leasaítear Airteagal 1(2) mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) cabhair a dheonaítear do ghnóthais atá gníomhach i dtáirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe;’;
 - (b) cuirtear an pointe (aa) seo a leanas isteach:

‘(aa) cabhair a dheonaítear do ghnóthais atá gníomhach i bpróiseáil agus i margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, i gcás ina socraítear méid na cabhrach ar bhonn phraghas nó chainníocht na dtáirgí a cheannaítear nó a chuirtear ar an margadh;’;
 - (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Má tá gnóthais gníomhach sna hearnálacha dá dtagraítear i bpointí (a), (aa), (b), (c) nó (g) den chéad fhomhír chomh maith le hearnálacha nach bhfuil eisiata ó raon feidhme an Rialacháin seo, ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo ach amháin maidir le cabhair a dheonaítear i ndáil leis na hearnálacha nó na gníomhaíochtaí eile sin amháin, ar choinníoll go n-áirithíonn na Ballstáit, ar bhealaí cuí amhail gníomhaíochtaí a dheighilt nó costais a idirdhealú, nach dtéann an chabhair *de minimis* faoin Rialacháin seo chun tairbhe do na gníomhaíochtaí sna hearnálacha eisiata.’;
- (2) Leasaítear Airteagal 1(3) mar a leanas:
 - (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

ciallaíonn ‘táirgí talmhaíochta’ na táirgí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gConradh, cé is moite de tháirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’;
 - (b) cuirtear na pointí (d), (e) agus (f) seo a leanas leis:

‘(d) ciallaíonn ‘táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ táirgí a shainmhínítear in Airteagal 5, pointí (a) agus (b), de Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*;

* Rialachán (AE) Uimh. 1379/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir le comheagrú na margaí i dtáirgí iascaigh agus dobharshaothraithe, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1184/2006 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 104/2000 ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 1).

(e) ciallaíonn ‘táirgeadh príomhúil táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht a bhaineann le hiascaireacht, tógáil nó saothrú na n-orgánach uisceach, chomh maith le gníomhaíochtaí ar an bhfeirm nó ar bord is gá chun ainmhí nó planda a ullmhú don chéad díol, lena n-áirítear gearradh, filléadú nó reo, agus an chéad díol le hathdhíoltóirí nó le próiseálaithe;

(f) ciallaíonn ‘próiseáil agus margú táirgí iascaigh agus dobharshaothraithe’ gach oibríocht, lena n-áirítear láimhseáil, cóireáil agus claochlú, a dhéantar tar éis am an tabhairt i dtír – nó am na buainte i gcás an dobharshaothraithe – agus arb é is toradh uirthi táirge próiseáilte, chomh maith le dáileadh an táirge sin.’.

Airteagal 5

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 4.10.2023

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN